

Film Strips

Máirín: Cailín na Lasán: The Little Match Girl.....	2
Corsica:.....	4
An Circín Beag Rua.....	5
An Íseal-Tír.....	6
Cochailín Dearg	7
Iníon Jairus.....	10
Peter Pan.....	12
An Bosca Spoinc: The Tinder Box.....	14
An Lacha Ghránna	17
Léigheasann Íosa an Fear a bhí dall.....	20
Seán agus an Gas Pónaire.....	22
An Ainnir agus An Beithíoch	25
Cuairt Ar An Siorcus.....	28
Snaichtín Bán agus an Seachtar Abhac.....	30
Thumbelina.....	34

Máirín: Cailín na Lasán: The Little Match Girl.

Bhí Máire préachta leis an bhfuacht. Bhí an talamh clúdaithe le sneachta. Bhí na tithe clúdaithe le sneachta; bhí an ghaoth aduaidh ag séideadh, agus bhí sí chomh géar le scian.

Bhí ocras ar Mháire. Bhí sí ar tí titim le hocras. Ní raibh aon bhreicfeasta aici. Ní raibh aon dinnéar aici. Agus ní raibh pingin aici chun bia a cheannach.

Cad ina thaobh nach raibh sí sa bhaile, an tráthnóna fuar seo?

Is amhlaidh a chuir a huncail amach í chun lasáin a dhíol. Ní raibh aon airgead aige chun deoch a cheannach, agus chuir sé Máire amach chun airgead a fháil. An t-am sin, ní raibh aon siopaí ann, agus bhí lasáin gann, agus daor; agus gach lá bhíodh ar Mháire dul amach sa bhfuacht, chun lasáin a dhíol

Ach an tráthnóna fuar seo, ní cheannóch aon duine lasáin. Ní thógfadh aon duine a lámha as a phócaí. Níor dhíol Máire fiú is bosca amháin, agus bhí eagla uirthi dul abhaile.

Chnag sí ar dhoras. Bhí solas istigh. Bhí teas istigh. Bhí bia istigh. Ach cuireadh an cailín bocht ón doras gan bia, gan teas, gan airgead.

Shiúil sí ar aghaidh, agus gan a fhios aici cá raibh sí ag dul. Bhí buachaill dána ag tiomáint capaill anuas an tsráid. Chonaic sé an cailín bocht. Dúirt sé leis féin go mbainfeadh sé preab aistí. Bhuail sé an capall. Léim sé ar aghadh, agus ba bheag nár leag sé an cailín bocht. Ach léim sí ar leataobh díreach in am. Níor bhuail an capall í, ach chaill sí leathbhróg. Bhí sí scanraithe go mór, ach níor dhein an buachaill ach gaire fúithi. Rig sé ar an mbróg, agus chaith sé isteach thar balla í.

Bhí Máire - cailín na lasán - ar tí titim le hocras agus le tuirse. Chuaigh sí suas go dtí doras tí mhóir. Chnag sí; ach cuireadh an ruaig uirthi. Bhí sí i ndeire na feide.

Chonaic si cúinne idir dhá theach. Chuaig sí i bhfolach sa chúinne. Bhí fothain bheag aici.

Smaoinigh sí ar a teach. An teach bocht salach, Chuimhnigh sí ar a huncail. Thosaigh sí ar crith le heagla. Níor fhéad si dul abhaile gan airgead.

Bhí sí fuar. D'oscail sí bosca lasán. Thóg sí amach lasán. Las sí é chun í féin a théamh. Baineadh preab aistí. Ós a comhair amach chonaic si cistin, agus stobh deas ann - agus tine. Ach múch an lasán, agus dimigh an chistin.

Las sí lasán eile. Chonaic sí an chistin arís, agus an stóbh. Ach an t-am seo chonaic sí bord beag, agus bia ar an mbord. Ach mhúch an lasán agus dimigh an chistin agus a raibh inti.

las sí lasan eile. Bhí an chistin os a comhair amach arís. Bhí an stóbh inti.. Bhí an bord inti. Agus ar an mbord bhi turcaí brea róstithe, agus scian agus forc chun é a ithe.

Ó Bhí an radharc go hiontach. Ach múcadh an lasán, agus an radharc breá. Bhí an oíche fuar dorcha, Bhí an cailín fuar agus uaigneach.

Thóg sí amach na lasáin go léir a bhí fágtha, agus las sí iad

Ar iarraidh.

Corsica:

1. Tá sé céad míle ó chósta na Frainc. Tá sé 120 míle ar fhad, agus timpeall 60 míle ar leithead.
2. Tá an talamh sleibhtiúil. Níl talamh maith le fáil ach in aice leis an gcósta
3. Is beag báisteach a thiteann; ach nuair a thiteann sí, bíonn sí an-throm.
4. Timpeall 300,000 duine a atá ar an oileán. Tá a lán dena daoine boct, agus téann a lán acu ar imirce chun obair a fháil.
5. Adhmad agus corc an saibhreas is mó atá acu; ach tógann siad muca agus caoraigh; agus fásann arbhar, fíonchraobha agus ológa sa talamh maith. Caithfidh siad a lán dena rudaí a bhíor agt teastáil uathu a thabhairt isteach ó thíortha eile.
6. Tá an talamh sléibhtiúil. Téann na sléibhte suas go dtí 8,200 troigh. Uaireanta bíonn locha ar bharr na sléibhte.
7. Tá sé deacair bóithre a dhéanamh. Téann siad timpeall, agus timpeall, iad ag dul suas i gcónaí.
8. Nuair a théann tú suas, chionn tú go bhfuil deireadh leis na crainn. Tá an talamh ró-bhocht, ró fhuar. An crann beithe(birch) an crann feá (beech) agus an creann giúise is mó a fhásann san oileán.
9. Tógann a lán dena daoine caoirigh; agus bíonn scáthláin acu, déanta de chlocha chun fothain a thabhairt dona caoirigh agus dona h-aoiri
10. Caithfidh síad a bheith an-chúramach leis ar gcuireadóireacht. Dá ndéanfadh siad mar a déantar in Eirinn scuabfadh an t-uisce síos taobh na sléibhte an talamh agus an chré.
11. Rugadh Napoleon i gCorsica -- in Ajaccio. Tá a lán oileán timpeal corsica; agus a lán teach solais. Fádó bhíodh a lán caisleán ar gcósta chun a tír a chosaint
12. Ajaccio agus Basta an dá chathair is mó. Tá 50,000 duine i mBastio. Ach sí Ajaccio an príomh-chathair.
13. Imíonn a lán dena daoine óga o Chorsica gach bliain chun slí-bheatha a dhéamh i dtíortha eile; agus roimh imeacht dóibh díolann siad gach rud a bhíonn acu sa bhaile.

An Circín Beag Rua.

Bhí an circín beag rua ina cónaí i gclós na feirme. Bhí a h-ál sicíní ann leis. Cúig sicín a bhí ins an ál.

Bhí madra dubh sa chlos; bhí cat ann; bhí muc ramhar ann; bhí lacha bhán ann.

Lá amháin fuair an circin beag rua próca arbhair.

"Cé a thabharfaidh cabhair dom chun an t-arbhar a chur?" arsan circin beag rua.

"Ní thabharfaidh mise cabhair duit," arsan madra. Ní thabharfaidh mise cabhair duit arsan

"Cuirfidh mé féin agus mo chúig sicín é" arsan circín beag rua.

D'fhás an t-arbhar. "Cé a thabharfaidh cabhair dom chun an t-arbhar a ghlanadh?" arsan circin beag rua.

Ní thabharfaidh mise "Glanfaidh mé féin agus mo chúig sicín é," arsan circin beag rua. Sa bhfómhar, bhí an tárbar aibí.

"Cé a thabharfaidh cabhair dom chun an t-arbhar a thabhairt go dtí an muileann?" arsan circin beag rua.

Ní thabharfaidh mise

Bhí sac plúir le fáil ag an gcircín beag rua.

Cé a thabharfaidh cabhair dom chun ciste a dhéanamh?" arsan circin beag rua.

"Ní thabharfaidh mise cabhair duit arsan...

Déanfaidh mé féin agus mo chúig sicín é" arsan c.

Rinne an circín beag rua ciste gleoite.

"Cé íosfaidh an ciste?" arsan c.

"Iosfaidh mise é," arsan

"Ní iosfaidh sibh é," arsan c. Níor dhein sibh aon chuid den obair. dhein mise agus mo chúig sicín an obair, agus iosfaimid an ciste anois."

Agus d'ith.

An Íseal-Tír

Tá a lán den Íseal tír níos ísle ná an fharraige...Mar sin,bhí ar mhuintir na tíre seo a bheith i gcónaí ag obair agus an seiftiu chun uisce na farraige a choimeád amach.

Tá dumhaigh taobh amuigh den tír; ach níl siad seo láidir go leor chun an fharraige a choimead amach.

Mar sin, tógadh clathacha chun uisce na farraige a choimeád amach.

Tógadh an tuisce amach as an talamh a bhí taobh thiar dena clathacha Cladach saothraithe a tugtar ar an talamh seo, nó "polderland".

Ní mór an cladach saothraithe a choimead tirim. Déantar an t-uisce a thaoscadh.

Ní mór aoileach faoi leith a chur amach ar an talamh chun é a dhéanam? toirthiúil,

Ach is féidir talamh saibhir a dhéanamh den chladach saothraithe; agus fásann féar breá saibhir air.

Is féidir ba a chothú ar an talamh seo, agus tá sé go hiontach chun glasraí a thabhairt.

Sa bhlian 1932 do dúnadh an Zuider Zee. Tá an claí 18 míle ar fhaid

Bíonn muilte Gaoithe ag obair chun an t-uisce a phumpháil amach; agus bíonn canálacha ag rith tríd an tír chun an t-uisce a thaoscadh. Anois baintear feidhm as inneallacha aibhléise in ionadh muilte gaoithe,

Ins an íseal-tír, tá an-mheas ar na ba, agus tógtar cró na mbó in aice leis an teach cónaithe. Bíonn cró na mbó chomh glan le biorán nua i gcónaí.

Tá na canálacha an-úsaideach. Iomparáítear beag nach trí cheathrú de earraí na hollóine ar uisce. Bailítear an bainne ag an déiri. As sin, cuirtear ar aghaidh go dtí na caithreacha, no déantar cáis de.

Déantar an-chuid caise san Ollóin, agus tá cliú domhanda uirthi.

Is iontach an tír í an Iseal-tír. Tá talamh saibhir in áiteanna a bhí faoin bhfarraige tamall beag ó shoin; agus ar an talamh sin tá sráidbhailte, feirmeacha, ainnithe breatha, agus barraí iontacha. Ach bíonn ar na daoine bheith ag faire ar na clathacha i gcónaí, ar eagla go mbrisfeadh an Fharraige isteach.

Is iontach an áit í an Íseal-tír. Is iontach iad na daoine a chónaíonn inti. Is dea-shanpla dúinn go léir iad

Cochailín Dearg

Fadó bhí teach beag deas ar imeall foraoise. Bhí bean óg álainn ina cónaí sa teach, agus bhí iníon álainn aici. Bhí siad sona sásta sa teach beag deas ar imeall na foraoise.

Cochailín Dearg an t-ainm a bhí ar an gcailín, mar bhí clóca álainn dearg aici go raibh cochall álainn air, agus chaitheadh sí an clóca sin i gcónaí nuair a bhíodh sí ag siúl dí féin in áit ar bith.

Bhí seanmháthair Chochailín ina cónaí ar an dtaobh eile den bhforaois. Lá amháin tháinig an coinín bán go dtí an teach ar aimeall na foraoise, a dúirt sé le bean an tí go raibh an tseanmháthair breoite.

Dhein an mháthair ciste milis, agus chuir sí i gciseán é. Chuir sí rudaí deasa eile sa chiseán leis - brioscaí, milseáin, tae, siúcra agus rudai eile. Ghlaigh sí ar Chochailín Dearg, agus dúirt sí léi an ciste a thabhairt go dtí a seanmháthair.

Dúirt sí léis brostú, agus gan dul isteach sa bhforaois ar eagla go maródh an mactíre gránna í.

Chuir an cailín a clóca deas uirthi. Thóg sí an ciseán ina lámh. D'fhág sí slán ag a máthair agus as so brách léi. Bhí an coinín bán lena cois.

Bhí na héin ag cantain i ngach áit, agus bhí Cochailín Dearg ag éisteacht leo. Chuaigh na héin isteach sa bhforaois. Lean Cochailín dearg iad. Ba ghearr go raibh sí caillte.

Bhí eagla uirthi. B'fhéidir go bhfeicfeadh an mactíre gránna í.

Chonaic an mactíre gránna í. Léim sé amach as na crainn agus sheas sé os a comhair. Bhí ocras air. Ba mhaith leis Cochailín Dearg a ithe. Ach bhí eagla air. Bhí sealgairí sa bhforaois. Dá nitheadh sé an cailín, mharódh siad é.

Cá bhfuil tú ag dul, a cailín álainn ar seisean. Tá mé ag dul ar cuairt go dtí mo sheanmháthair, arsan cailín. Cá bhfuil sí sin, arsan mactíre. Ar an dtaobh eile den bhforaois, arsan cailín.

Raghaidh mé leat, arsan mactíre. Bhí sé ag súil go mbeadh béile bia aige, mar bhí socair aige an cailín agus an tseanmháthair a ithe le chéile

Ar aghaidh leo. Tháinig siad in aice leis an teach, agus rith an mactíre ar aghaidh. Tháinig sé go dtí an teach. Bhí an doras dúnta. Chnag sé. Bhí an tseanmháthair ina lúi sa leaba, agus í breoite. Chuala sí an cnag. "Cé hé sin? difrafraigh sí, "Cochailín Dearg, arsan mactíre.

"Cuir síos an laiste agus tar isteach a chuid, " arsan tsean mháthair. D'oscail an mactíre an doras agus rith sé isteach. Baineadh geit mhór as an seanbhean, agus leig sí béic aisti. Ach rug an mactíre uirthi agus d'alp sé í. Ansin léim sé isteach sa leaba. Chuir sé spéaclaí an seanmháthair air. Chuir sé caipín ar a cheann. Tharraing sé na héadaí leapan anuas air. Leig sé air gurbh'é an tseanmháthair. Tháinig Cochaillín Dearg. Chnag sí. "Tar isteach a chuid" arsan mactíre. Chuaigh Cochaillín Dearg isteach. Bhí ionadh uirthi nuair a chonaic sí an rud a bhí sa leaba Sea. Bhí ionadh agus eagla uirthi, nuair a chonaic sí an rud a bhí ina lui sa leaba.

"O. a sheanmháthair," arsa Cochaillín Dearg Nach fad iad na cluasa atá ort."

"Is fearr mar sin iad, chun tú a chloisteáil go maith," arsan mactíre go garbh.

"Agus nach mór iad na lámha atá ort," arsa Cochaillín Dearg. "Is fearr mar sin iad, chun barróg a bhreith ort," arsan mactíre. "Agus nach mór iad na súile atá agat, arsa Cochaillín Dearg. "Is fearr mar sin iad chun tú a fheiceáil go maith arsan mactíre.

"Agus nach fada géar iad na fiacla atá agat, arsa Cochaillín Dearg, agus eagla an domhain uirthi.

"Is fearr mar sin iad chun tú a ithe," arsan mactíre, agus é ag léim as an leaba, agus a bhéal ar oscailt aige.

Leig Cochaillín Dearg béic aisti. Ní raibh seans aici faic eile a dhéanamh, mar d'alp an mactíre í in aon iarracht amháin.

Léim an mactíre isteach sa leaba arís. Tharraing sé na héadaí leapan anuas air. Shocraigh sé é féin ar a sháimhín só, agus thít a chodladh air.

Ach chuala sealgaire an scréach. Bhí amhras air nuair a chuala sé é, agus rith sé go dtí an teach. D'ealaigh sé suas go dtí an fhuinneog, agus d'fhéach sé isteach. Chonaic sé an mactíre mór gránna agus ina lui sa leaba, agus é ina chodladh go sámh.

"Cuirfidh mé deire leat, a bhithiúnaigh," arsan sealgaire, agus d'éalaigh sé timpeall go dtí an doras. D'oscail sé go ciúin é, agus d'éalaigh sé isteach. Níor chuala an mactíre é, mar bhí sé ag srannadh sa leaba. D'ardaigh an sealgaire an gunna. D'aimsigh sé. Scaoil sé, agus mharaigh sé an mactíre mór gránna.

Rith sé suas go dtí an leaba, agus d'fhéach sé ar an mactíre. Bhí amhras air nuair a chonaic sé an bolg mór a bhí air. Thóg sé siosúr as a phóca, agus d'oscail sé an bolg. Baineadh preab as nuair a léim Cochaillín Dearg agus a sheanmháthair amach chuige ar an úrlár,

agus iad chomh maith agus a bhí siad riamh. Is amhlaidh a bhí biseach ar an seanmáthair. Lena linn sin, rith an coinín bán, agus máthair Chochoillín isteach. Is amhlaidh a rith an Coinín Bán ar ais go dtí an mháthair nuair a chonaic sé an mactíre, mar bhí eagla air go maródh sé Cochoillín Dearg.

Ach bhí Cochoillín Dearg slán. Agus bhí an tseanmháthair slán, agus bhí gach duine sona sásta, mar bhi an mactire mór gránna marbh.

Bhí féasta breá acu go léir, agus mhair siad go léir go sona sásta. sa bhforais, gan eagla gan imní.

Iníon Jairus

1. Nuair a bhí Íosa ar an saol seo, bhíodh sé i gcónaí ag cabhrú le daoine. Sa scéal seo a leanas, feicimid go raibh ar a chumas daoine a thabhairt ar ais ón mbás.
2. Bhí fear ina chónaí i gCapernaum darbh ainm Jairus, agus bhí iníon amháin aige, Bhí sí dhá bhliain déag d'aois. Lá amháin buaileadh breoite í. Diaidh ar ndiadh chuaigh sí in olcas.
3. Nuair a chonaic na tuismitheoirí go raibh sí ag fáil bhais, dúirt an t-athair go raghadh sé chun Íosa.
4. Bhí Íosa i gCapernaum, agus bhí slua mór timpeall air. Chuaigh Jairus tríd an slua.
5. Caith Jairus é féin ar a ghlúinibh os comhair Íosa agus d'impigh sé air teacht agus a iníon a leigheas.
6. Tá mo iníon i mbaol bháis, ar seisean. Tar liom; cuir do lámh uirthi i dtreo go leigheasfar í.
7. Chuaigh Íosa leis, Lean slua mór é.
8. Bhí bean ar an mbóthar a bhí breoite le dhá bhliain déag. Is ag dul in olcas in aghaidh an lae a bhí sí.
9. Tháinig si taobh thiar de Íosa. "Má bhuailim bar mo mhéire ar a chlóca, leigheasfar mé" ar sise.
10. Bhuail sí barr a méire ar chlóca, Íosa, agus leigheasadh ar an toirt í. Agus bhí fhios aici gur leigheasadh í.
11. Bhí fhios ag Íosa gur imigh comhacht as. D'iompaigh sé timpeall. "Ce bhuail barr méire ar mo chlóca?" ar seisean.
12. "Ó, arsa Peadar, tá slua timpeall ort. Agus cuireann tú céist mar sin. Conas a bheadh fhios ag, aon duine cé bhuail barr méire ar do chlóca?" Ach bhí fhios ag Íosa
13. Chaith an bhean í féin ar an talamh os comhair Íosa agus d'innis sí an scéal go léir dó.
14. Dúirt Íosa léi: imigh faoi shíocháin. Leigheas do creideamh tú.
15. Ansin tháinig fir a dúirt go raibh iníon Jairus marbh.
16. Dúirt Íosa: ná bíodh eagla orraibh. Creidigí, agus leighsfear i.
17. Thog Íosa leis Peadar, Séamas agus Eoin, deartháir Shéamais.
18. Tháinig siad go teach Jairus. Bhí slua istigh, ag gol agus ag
19. caoineadh, agus ag seinm ceoil. - "Fágaigi síí dhom" arsa Íosa.
20. Níl an cailín marbh. Tá sí ina codladh.
21. Thosaigh na daoine ag magadh faoi Bhí fhios acu go raibh sí marbh.

22. Chuir íosa amach as an teach iad. Ansin thóg sé leis athair agus máthair an chailín, agus na deisciobail, agus chuaigh sé isteach sa seomra.
23. Rug sé ar lámh ar an gcailín, agus dúirt sé: Ta-litha, cumi: A chailín, deirim leat éirí.
24. Agus d'eirigh an cailín aniar sa leaba.
25. Shiul sé caoin díreach go dtí a thuismitheoirí. Dúirt íosa leo rud éigin a thabhairt le n-
ithe di.
26. Dúirt sé leo gan ní a rá faoin míorúilt; ach d'imigh scéal na mírúilte ar fud na tíre go
mear; agus chuir sí iontas ar gach aon duine.

Peter Pan

1. Bhí muintir Darling ina gcónaí i dteach mór deas i Londain.
2. Bhí triúr páistę sa teach. Micheál, Seán agus Wendy. Chreid Micheál agus Seán, duine daonna é Peter Pan, buachaill óg iontach a bhí ina chónaí i dTír na nÓg: buachaill nár fhás suas riamh.
3. ag Wendy a bhí an t-eolas go léir mar gheall ar Peter Pan; agus bhíodh sí i gcónaí ag insint scéalta don bheirt eile i dtaobh Tír na Nóg agus eachtraí Peter Pan.
4. Bhí banaltra ag na páistí, madra darbh ainm Nanó. Thuig Nanó gach rud i dtaobh Peter Pan leis; ach choimeád Nanó gach aon ní ina rún.
5. Chreid Bean Dærling gurbh é Spiorad na hóige Peter Pan.
6. Ach níor chreid an tUasal Darling gur mhair Peter Pan riamh, agus bhí sé ar buile le Wendy de bhrí go mbíodh sí ag insint scéalta dona páistí mar gheall air.
7. Caithfidh tú imeacht as seomra na bpáistí, a Wendy, "ar seisean oíche amháin".
8. "Ó, arsa Seán agus Micheál, ná tóg as ár seomra é".
9. Bhí an tUasal Darling ag imeacht go stí coirm ceoil an oíche sin, agus d'fhág sé Wendy leis na páistí; ach cheangail sé Nanó sa chlós.
10. Nuair a bhí fear an tí agus bean a tí imithe, agus na páistí ina luí sa leapacha, d'eitil Peter Pan an fhuinneog isteach, é féin agus síog bheag bhídeach.
11. Bhí áthas an domhain ar na páistí, agus chuir siad fáilte roimhe. Bhí áthas ar Peter Pan leis, agus mhúin sé dona páistí conas eitilt tríd an aer.
12. Dúirt siad leis gur innis Wendy scéalta dóibh mar gheall air, ag bhí sé an-shásta ar fad. D'iarr sé orthu dul leis go dtí Tír na Nóg.
13. As go brách leo suas sa spéir. D'eitil siad thar Londain agus thar an bhfarraige go dtí Tír na Nóg.
14. Go tobann chonaic siad long mhór fúithi. Long foghlaithe mara, "Long An Chaptaein Crúca", arsa Peter Pan. Namhaid dom is ea é
15. Tamall fada roimhe sin, bhí Peter Pan ag troid leis an gCaptaen, agus bhain Peter lámh amháin de. Ón lá sin amach, bhíodh Crúca aige in áit na láimhe. Is mar sin a fuair sé an leasainm, Captaen Crúca.
16. Bhí namhaid eile ag Captaen Crúca. Crogall mór. D'alp an crogall clog mór lá, agus ón lá sin amach, bhíodh tic toc as an gclog istigh ina bholg nuair bhíodh sé ag snámh.
17. Chonaic an Captaen Peter Pan. "Chun na gunnaí," do bhéic sé.
18. Bang! do bhéic na gunnaí. "Aire!" arsa Peter Pan; agus d'eiti siad go léir as radharc taobh thiar do scamall.

19. Ar deireadh, shroich siad Tír na Nóg slán sábháilte, agus chuaigh Peter Pan ar thóir na mbuachailí
20. "Ná ligtear saor iad," arsan Taoiseach, "go neosaidh siad cá bhfus an bhan-phrionnsa Lil An Tíogair,"
21. "Níl a fhios againn cá bhfuil sí" arsa na páistí.
22. "Níl ann ach an t-éitheach ó thosach deire," do bhéic an Taoiseach " Mura bhfuil sí anseo roimh dul faoi don ghréin, róstfar sibh.
23. Chonaic Peter Pan agus Wendy bád beag ag teacht ón long.
24. Captaen Crúca," arsa Peter Pan. Tá sé ag dul go dtí Carraig na bPlaosc. Tá lil n Tíogair ina priosúnach aige. Tá gnó againn le déanamh anseo."
25. D'ionnsaigh Peter Pan Captaen Crúca. Bhí troid fhíochmhar ann. Bhuaigh Peter Pan, agus shábháil sé an bhan-phrionnsa. Ansin thug sé an cailín abhaile dá n-athair.
26. Ligeadh saor na buachaillí. Bhí Wendy ullamh le dul abhaile, agus chuaigh siad go léir go dtí teach Peter Pan - pluais mhór faoi chrann an Chrochadora.
27. Chuir Wendy ina luí ar na buachaillí go mba cheart dóibh dul abhaile láithreach. Bhí siad sásta dul léi, ach ní raibh Peter Pan sásta dul leo.
28. As go brách leis na páistí agus Wendy. Ach rug Captaen Crúca orthu. Cheangail sé Wendy, agus bhí uirthi an clár a shiúl thar taobh. Léim sí; ach bhí Peter Pan i bhfolach i ngan fhios d'aon duine, agus rug sé ar Wendy nuair do léim si.
29. Ansin d'ionnsaigh Peter Pan agus na páistí na foghlaithe mara. Bhí comhrac aonair idir Peter Pan agus Captaen Crúca, agus bhuaigh Peter. Leim Captaen Crúca isteach sa bhfarrage. Bhí an Crogall ag fanacht leis. D'oscail an Crogall a bhéal, agus shlug sé an Captaen bocht.
30. D'imigh na páistí agus Wendy abhaile ansin.
31. Bhí Wendy ag fanacht ag an bhfuinneog nuair tháinig fear a tí agus bean a ti abhaile. Bhí sí ag féachaint amach ar long na bhFoghlaithe agus i ag imeacht tríd an spéir.
32. Chonaic na tuismitheoirí leis í, mar bhí sí chomh soiléir leis an lá.
33. Hmm! arsan t-uasal Darling. B'fhéidir gur fearr dúinn ligint
34. do Wendy fanacht i seomra na bpáistí. B'fhéidir go raibh cuid den bhfírinne sa scéalta a bhí á ninnsint aici dona páistí. "B'fhéidir go bhfuil Peter Pan ann tar éis an tsaoil.
35. bhi caillte:

An Bosca Spoinc: The Tinder Box

Clé, deas. Bhí saighdiúr bocht ag teacht abhaile ón gcogadh. Bhí sé tuirseach agus ocras air. Bhí sé bocht. Bhí uaigneas air. Ní raibh airgead aige chun bia a cheannach. Ní raibh cairde aige chun airgead a thabhairt dó. Bhí an saighdiúr bocht i ndeireadh na fé.

Go tobann, chonaic sé badhb mhór gránna ar thaobh an bhóthair. Labhair sí leis.

"Tar i leith, " ar sise. Tá tú bocht. Tá tú tuirseach. Tá tú uaigneach. Níl aon chairde agat. Bhuel, beidh tú saibhir. Beidh cairde agat. Ní bheidh tú uaigneach níos mó má dheineann tú gnó beag dom.

"Cad dob áil leat díom?" ars an saighdiúr. "Tá poll sa chrann sin ar thaobh an bhóthair, ars an bhadhb. Tá trí seomraí ag bun an phoill. D'fhág mo sheanmháthair bosca spoinc sa tríú seomra. Má thugann tú an bosca sin aníos chugam, beidh tú saibhir. An dtabharfaidh tú aníos chugam é?"

"Tabharfaidh mé agus fáilte," arsan saighdiúr.

Cheangail an bhadhb rópa timpeall air, chun é a ligint síos. Ansin thug sí aprún breac dó.

"Eist go géar liom anois," ar sise. Nuair raghaidh tú síos, feicfidh tú seomra. Tá bosca mór i lár an urláir. Tá an bosca sin lán de chopar. Ach tá madra mór fíochmhar ina sheasamh ar an mbosca á ghárdáil. Ach ná bíodh aon eagla ort. Tóg an madra. Cuir ina lui ar an aprún é. Beidh sé chomh ciúin le leanbh. Ní dhéanfaidh sé dochar ar bith duit.

"Ansin téigh isteach ins an dara seomra. Tá bosca mór i lár an urláir. Tá madra mór ina sheasamh ar an mbosca á ghárdáil. Tá an bosca lán d'airgead. Ná bíodh aon eagla ort. Tóg an madra. Cuir ir lui ar an aprún é. Líon do phócaí den airgead.

"ansin téigh isteach ins an tríú seomra". Tá bosca mór i lár an urláir. Tá sé lán d'or. Tá madra mór fíochmhar ina sheasamh ar an mbosca á ghárdáil. Ach ná bíodh aon eagla ort. Cuir an madra ina lui ar an aprún, agus beidh sé chomh ciúin le leanbh.

Ach ná dearmad an bosca spoinc. Tá an bosca spoinc sa tríú seomra.

Shleamhnaigh sn saighdiúr bocht síos an rópa. Tháinig sé go dtí seomra. Bhí an bosca i lár an urláir. Bhí madra mór fíochmhar ina sheasamh ar an mbosca. Ach thóg an saighdiúr an madra agus chuir sé ina lui ar an aprún é. Ansin líon sé a phócaí den chopar.

Ansin chuaigh sé isteach sa dara seomra. Bhí an bosca mór ann. Bhí an madra mór fíochmhar ina lui ar an mbosca. Chuir sé an madra ina lui ar an aprún agus bhí sé chomh ciúin le leanbh. Ansin chaith sé amach an copar agus líon sé a phócaí den airgead.

Ansin chuaigh sé isteach sa tríú seomra. Bhí bosca mór i lár an urláir. Bhí madra mór fíochmhar ina sheasamh ar an mbosca; agus bhí an bosca lán d'ór.

Thog an saighdiúr an madra. Chuir sé ina lui ar an aprún. Chaith sé amach an t-airgead a bhí ina phócaí, agus líon sé phócaí den ór buí. Ansin rith sé amach go dtí bun an phoill. Rug sé ar an rópa agus tharraing an bhadhb aníos é.

"Cá bhfuil an bosca spoinc?" arsan bhadhb?

"O; arsan saighdiúr", dhein mé dearmad air. Ach gheobhaidh mé duit é.

Shleamhnaigh sé síos arís agus fuair sé an bosca spoinc, agus thug aníos é.

"Cad chuige an bosca seo?" ar seisean. Ach d'árdaig an bhadhb slat draíochta chun é a bhualadh léi. Bhí an saighdiúr níos tapúla ná í afach. Tharraing sé a chlaidheamh agus bhain sé an ceann dí.

Bhí sé saibhir ansin. Cheannaigh sé teach álainn. Bhí cairde aige. Bhí bia breá aige. Bhí cóiste agus capaill aige. Bhí sé sona sásta. Ach níor dhein sé dearmad ar na bochta. Thug sé a lán airgid dona bocht.

Ach tháinig lá nuair nach raibh pingin fágtha aige. Bhí air gach rud a dhíol. Ní raibh aige ansin ach seomra beag bocht; leapa bheag bhocht cathaoir bheag bhriste. Bhí air a bhróga a dheisiú. Bhí air paiste a chur ina chóta. Bhí sé bocht, Bhí uaigneas air arís.

Ach chuimhnigh sé ar an mbosca spoinc. Dúirt sé leis féin go mbeadh gal tobac aige.

Chuir sé spréach sa bhosca; agus láithreach, sheas an chéad mhadra ós a chomhair amach.

"Cad dob áil leat díom? arsan madra".

Faigh airgead dom arsan saighdiúr. Láithreach bhí mála Óir áir ar an urlar os a chomhair amach. Bhí sé saibhir arís. Chuala sé lá go raibh banphrionnsa álainn i bpriosún toisc nach bpósfadh sé cara lena hathair. Chuir sé spréach sa bhosca spoinc. Agus láithreach sheas an madra os a chomhair amach.

Faigh an bhanphrionnsa, arsan saighdiúr. D'imigh an madra go dtí an priosún láithreach, agus d'fhill sé leis an mbanphrionnsa ar a dhroim. Thug an saighdiúr póg dí, agus thóg an madra abhaile í. Ansin, gac oíche, thugadh an madra an cailín go dtí teach an tsaighdiúra.

Ach oíche amháin, chonaic seirbhíseach an madra, agus an cailín ar a dhroim. Dinnis sí an scéal don rí. Dúirt an rí léi an madra a leanúint.

Lean sí é. Chonaic sí an teach inar fhág sé an cailín, agus chuir sí x mór air.

Ach chonaic an madra an X mór, agus chuir sé X mór ar gac aon teach san áit, i dtreo nach naithneodh aon duine teach a mháistir.

Ach bhí an bhanríon níos cliste ná an rí. Fuair sí mála coirce. Chuir sí poll beag bídeach ann. Cheangail sí an mála de éadach an chailín.

An oíche sin, thóg an madra an cailín go dtí teach an tsaighdiúra; ach mo léan! D'fhág sé líne de ghráinne coirce ina dhiaidh. Lean an rí agus a shaighdiúirí an líne, agus thàinig siad go dtí teach an tsaighdiúra. Rug siad air agus chuir siad i bpriosún é.

Daoradh chun a chrochta é. Ach nuair bhí sé ar tí a chrochta, agus an rópa ullamh dó, D'iarr sé cead gal tobac a chaitheamh. Tugadh cead dó. Chuir sé spréach sa bhosca. Agus láithreach, sheas na tri madraí os a chomhair amach.

Cad dob áil leat dínn, arsa na madraí. Sábhálaigí mé, arsan saighdiúr. Agus láithreach, léim na madraí ar an rí agus ar na saighdiúirí agus chaith siad san aeir iad.

Ansin, dhein na daoine rí den saighdiúr. Phós sé an bhanphrionnsa; agus mhair siad go sona sásta ón lá sin amach.

An Lacha Ghránna

Bhí an Mháthair Lacha ina suí ina nead in aice leis an lochan

I gclós na feirme. Bhí sí sona sásta. Bhí a fhios aici go mbeadh na lachain óga ag teacht amach as na h-uibhe a bhí fúithi gan mhoill.

Bhí sceitimíní uirthi lá amháin nuair a chuala sí an cnag, cnag cnag. D'fhan sí gan cor aisti, go dtí gur briseadh plaosc uibh, agus léim lacha beag óg amach ins an nead. Neomad ina dhiaidh sin léim lacha beag eile amach as plaosc eile agus i gceann tamaill, bhí sé lachain óga buí faoin lacha. Bhí sceitimíní uirthi cinnte.

Ach bhí ubh amháin fós gan briseadh, agus shuigh an Mháthair Lacha sios arís chun an lacha óg dheireannach a ligint amach.

Tháinig na h-ainmhithe agus na h-éin go léir a bhí sa chlós chun féachaint ar an ubh mhór a bhí fós gan briseadh. Dúirt Sean Lacha go mba ubh turcaí í. Ach ní raibh aon ainmhí cinnte cad é an saghas uibh bhí ann.

Ar deireadh, briseadh an plaosc mór, agus léim lacha mhór ghránna amach as an an nead. Bhí díomá ar an Máthair Lacha, agus bhí ionadh ar na lachain óga eile. Bhí ionadh ar gach aon ainmhí agus ar gach aon duine a ohonaic í.

Thóg an Mháthair Lacha a hál o dtí an lochán; agus is í a bhí brodúil astu - ach amháin as an lacha mhór ghrána. Bhí náire uirthi faoin lacha mhór ghránna, mar bhí na h-éin agus na h-ainmhithe go léir ag magadh fúithi.

Ansin thóg an Mháthair Lacha a h-ál go dtí clós na feirme. Níor mhaith le Bainríon Na Lachan an lacha mhór ghránna. Bhí sí an-mhíshásta déi. Agus thosaigh an lacha mhór ghránna ag gol. Bhí brón agus uaigneas uirthi, ní nach ionadh. Thosaigh na cearca á gobadh, agus á crá; agus ní raibh aon chara aici. Ar deire shocraigh sí ar imeacht léi ón gclós.

D'éirigh sí san aer, agus d'eitil sí suas thar an gclaí. D'eitil sí suas san aer agus ar aghaidh léi go dtí gur tháinig sí go dtí lochán go raibh lachain fiáine ina gcónaí air. Bhí sí sona sásta ansin. Bhí bia aici, agus ní raibh aon duine ag cur isteach uirthi.

Ach nuair a tháinig an Fómhar, d'imigh na lachain fiáine. Bhí a fhios acu go raibh an geimhreadh agus an sioc agus an sneachta ag teacht. Bhí a fhios acu nach mbeadh teas ná bia san áit.

Bhí uaigneas ar an Lacha Mhór Ghránna. Ach lá amháin tháinig ealaí móra áille go dtí an lochán Bhí an lacha mhór ghránna in éad leo nuair a chonaic sí dath na gcleiti, agus grástúlacht na muinél, agus grástúlacht na gluaiseachta a bhí fúthu. Da bhreá lei a bheith ag féachaint orthu. Ach d'imigh siad, agus bhí uaigneas uirthi arís.

Tháinig an geimhreadh, agus tháinig an sioc agus an sneachta. Bhí leac oighir. Bhí an lochan reoite. Bhí ar an Lacha a bheith ag snámh chun áit bheag san lochan a choimead glan on leac oighir gan stad ach i ndeire na dála, bhí an lochan go léir clúdaithe le leac oighir.

Bhí an scéal go holc ansin. Ní raibh aon bhia le fail ag an Lacha Mhór

Ní raibh aon chara aici; agus d'eitil sí suas ins an aer chun lóistín éigin a fháil i gcomhair an gheimhridh.

Chonaic sí bothán beag bocht. D'eitil sí anuas. Chonaic sí poll sa doras - poll le haghaidh cait a bhí ann. D'fhéach sí isteach. Chonaic sí an seanbhean bhocht istigh. Chonaic sí cat, Chonaic sí tine. Bhí ocras agus uaigneas agus fuacht uirthi. D'ealaigh sí isteach sa teach beag bocht.

Bhí ionadh ar an mbean nuair a chonaic sí an lacha mhór ghránna ag teacht isteach tríd an bpoll. Bhí áthas uirthi leis. Cheap sí so mbéarfadh an lacha uibhe di. Mar sin, thug sí bia dó, agus dhein sí nead deas dó. Ní raibh áthas ar an gcat, áfach. Bhí éad air. Bhí sé in éad leis an lacha. Agus bhí éad ar an gcearc: bhí cearc ag an mbean leis Ach bhí eagla ar an gcat, agus ar an gcearc cur isteach ar an lacha. Bhí eagla orthu go mbuailfeadh an bhean iad.

Ach níor rug an lacha aon ubh, agus bhí an bhean ar buile. Dúirt sí léis féin go maródh sí an lacha, agus go mbeadh dinnéar breá aici. Bhí an cat sásta anois. Bhí an chearc sásta. Ach ní raibh an lacha sásta. Bhí eagla air; agus lá amháin, nuair do thóg an bhean scian mhór as an tarracáin, bhí a fhios aige cad a bhí i ndán dó. Rith sé an doras amach, d'éirigh sé san aer, agus d'eitil sé thar náis go dtí an lochán. Lean an bhean é, ach ní raibh sí ábalta teacht suas leis, agus chuaigh sé slán,

Bhí an t-earrach ag teacht. Bhí an aimsir bhreá ag teacht. Bhí bia le fáil arís sa lochán agus ar an talamh, agus tháinig na healaí thar n-ais go dtí an lochán. Chonaic an lacha ag teacht iad. Bhí eagla uirthi nuair a chonaic sé na h-éin mhóra dhathúla ag teacht anuas ar an lochán. Cheap sé go raibh siad ag teacht anuas chun é a mharú, toisc go raibh sé gránna.

Is fearr dom bás a fháil anois, ar seisean ná a bheith ag rith agus ag teicheadh ó dhaoine agus ó ainmithe. Fanfaidh mé anseo, agus ligfidh mé dóibh mé a mharú.

Chrom sé a cheann le náire agus le h-eagla. Ach nuair chrom sé a cheann, chonaic sé a scáth ins an uisce. Agus nach air a bhí an t-ionadh agus an t-áthas nuair a chonaic sé gurbh eala mór dathúil é.

Bhí áthas mór ar na h-ealaí nuair a chonaic siad é. Ní fhaca siad eala riamh roimhe sin a bhí chomh hálainn leis. Tháinig siad timpeall air, agus chuir siad coróin ar a cheann, agus dhein siad é a chorónú ina rí ar na h-ealaí go léir

Bhí áthas mór ar an Lacha Ghránna, a bhí anois ina eala álainn, agus ina rí; agus mhair sé go sona sásta ón lá sin amach.

Léigheasann Íosa an Fear a bhí dall

1. Nuair a bhí Íosa ag dul amach as an Teampall lá, chonaic sé fear a bhí dall ón mbroinn.
2. D'fhiafraigh duine dena deisciopbil de Íosa cad ina thaobh go raibh an fear dall. Ar dhein sé peacadh, d'fhiafraigh an deisciopbal. Nó ar dhein a thuismitheoirí peacadh?
3. D'fhreagair Íosa. Ní dhearna sé peacadh, agus ní dhearna a thuismitheoirí peacadh. Tá sé dall i dtreo is go mbeidh obair Dé le feiceáil ann. "An fhaid is atá mise ar an saol seo, is mise solas an tsaoil," arsa Iosa
4. Leis sin, chaith sé seile ar an dtalamh, agus dhein sé cré leis an seile.
5. Ansin, chuir sé an chré ar shúile an fhir. Ansin dúirt Íosa leis an fear nigh tú féin I linn Siloam,
6. Gan ceist a chur, gan focal a rá, d'imigh an fear go dtí an linn. Bhí a fhios aige gurbh é Íosa a labhair leis
7. Chreid sé in Íosa, agus thóg sé roinnt uisce as an linn
8. Agus é ar crith le sceitimíní, nigh sé an chré as a shúilibh.
9. Ar an toirt bhí radharc na súl aige. Den chéad uair bhí sé ábalta a chathair a fheiceáil, agus na daoine a bhí timpeall air. Den chéad uair, bhí sé ábalta a theach féin agus a mhuintir féin a fheiceáil.
10. Bhrostaigh an fear abhaile go dtí a athair agus a mháthair. Nuair a chonaich na comharsain é dúirt siad: " Nach é seo an fear a bhíodh ina shuí ag iarraidh déirce?" Dúirt daoine gurbh é. Dúirt daoine eile narbhé, ach go raibh sé cosúil leis.
- 11.
12. Nuair a chuala an fear a bhí dall cad a bhí á rá ag na daoine labhair sé leo. Is mise an fear a bhí dall, ar seisean.
13. Conas a osclaíodh do shúile? d'fhiafraigh siad.
14. Do fhreagair sé: Dhein an fear darb ainm Íosa cré, agus chuir sé ar mo shúile i. Ansin dúir sé liom dul go dtí linn Siloam agus mé féin a ní ann. Nigh mé, agus bhí radharc im shúilibh. Cá bhfuil sé? d'fhiafraigh na daoine, Níl a fhios agam, arsan fear.
15. Ansin do, thug na daoine go dtí na Fairisínigh é, de bhrí gur leisigh Iosa ar an Sabóla é. D'fhiarraigh na Fairisínigh de conas a leisigh Íosa é. Dúirt sé gur chuir Íosa cré ar a shúile, gus gur nigh sé iad, agus go bhfuair sé radharc ina shúil.
16. Bhí na Fairisínigh i bponc. Dúirt cuid acu: Ní teachtaire ó Dhia é seo, ní choimeádann sé an Sabóid go honórach. Agus dúirt cuid acu: Conas is féidir dó míorúití a dhéanamh má is peacach é!
17. Cad an saghas duine é, D'fhiafraigh na Fairisínigh, nó cad is dóigh leat ?

18. Is faidh é, arsan fear.
19. Níor chreid cuid de na Fairisínigh go raibh an fear dall, agus ghlaoigh siad ar na tuismitheoirí agus chuir siad ceist orthu. "An é seo do mhac a bhí dall on mbroinn? Conas is féidir dó rudaí a fheiceáil anois?"
20. Bhí eagla ar na tuismitheoirí roimh na Fairisínigh. Dúirt siad. Bhí sé dall ón mbroinn, ach níl a fhios againn conas a leiseaghad é. Tá sé fásta suas, Cuir ceis ar féin,
21. Ghlaoigh siad ar an bhfear a bhí dall. "Tabhair moladh do Dhia," arsa siad. Is peacach an fear seo a leigheas tú.
22. Níl a fhios agam an peacach é nó nach ea, arsan fear. Ach tá a fhios agam go raibh mé dall, agus anois tá a fhios agam go bhfuil radharc mo shúl agam
23. Cheistigh na Fairisínigh an fear arís faoin slí inar leiseadh é. Dúirt sé leo: Tá me tar éis an scéal go léir a innsint díbh cheana. Cad ina thaobh go gcaithidh mé é a innint arís? Ar mhaith libh a bheith mar dheisciobail aige. Ach thug siad íde na muc is na madraí dó. "Nil aon aithne againn air, arsa siad.

Seán agus an Gas Pónaire

Bhí Seán agus a mháthair ina gcónaí i dteach beag bocht. Bha siad an-bhocht. Ní raibh aon airgead acu chun bia a cheannach. Ní raibh airgead acu chun éadach a cheannach. Ní raibh airgead acu chun an cíos a dhíol. Bhí eagla orthu go gcuirí amach ar an mbóthar iad lá éigin.

Lá amháin tháinig an tiarna talún agus dúirt sé leo go gcuirfeadh sé amach ar an mbóthar iad muna ndíolfadh siad an cíos láithreach.

An oíche sin bhí Seán agus a mháthair ina suí sa chistin agus iad ag gol. O. a Sheán, arsan mháthair, Caithfidh tú an bhó bheag bhán a dhíol. Níl faic eile againn anois.

Lá ar na mhárach, d'éirigh Seán go luath. Rug sé ar an mbó bhán, Báinín, chuir sé adhastar uirthi, agus as go brách leis ar an aonach.

Faigh an luach is airde ar an aonach uirthi anois, " arsan mháthair. Gheobhaidh mé an luach is airde ar an aonach uirthi," arsa Seán.

Ba ghearr gur bhuail fear ait le Seán. Bhí éadach gioballach air, agus bhí máilín beag á iompar aige. "Cad atá uait ar an mbo?" arsan fear ait. "An luach is airde ar an aonach," arsa Seán. "Tabharfaidh mé an luach is airde ar an aonach duit," arsan fear ait. An bhfuil tú sásta.

"Tá mé sásta leis an luach is airde ar an aonach, " arsa Seán. "Seo duit, " arsan fear ait. Seo duit mála pónairí. "Mála pónairí." arsa Seán, Mála pónairí. An ag magadh atá tú. Mála pónairí, "arsan fear ait. Pónairí draíochta, a Sheán. Pónairí Draíochta. Tá an luach is airde ar an aonach sa mhála sin."

"Ta mé sásta anois arsa Seán, agus thug sé an bhó don bhfear ait agus thug an fear ait an mála do Sheán. Léim an fear ait in airde ar Báinín. agus as go brách leis.

Slán libh, arsa Seán. Slán leat arsan fear ait. Mú mú arsa Báinín. Agus d'imigh Seán abhaile agus é lánsásta leis féin. Ach ní raibh a mháthair sásta. Bhí sí ar dearg, buille. Thug sí buille do Sheán agus leag sí ar an dtalamh é. Ansin rug sí ar an mála, agus chaith sí na pónairí amach an fhuinneog.

Ach baineadh preab as an mbeirt láithreach. Thosaigh na pónairí ag fás Suas, suas, suas a d'fhás siad. Suas thar díon an tí. Suas tríd na scamail. Suas os cionn na scamail.

Rith Seáinín amach. Rug sé ar an ngas a bhí ag d-ul suas tríd na scamail suas leis d'imigh sé suas ar nós moncaí. Sues go dtí na scamail. Suas tríd na scamail; agus ansin chonaic sé uachtar na spéire, é deas, bog

Thosaigh sé ag siúl ar an spéir, agus ba ghearr go bhfaca sé cómharta bóthar. Go dtí Teach an fháthaiga, a bhí scríofa air. Agus ar aghaidh le Seáinín, agus ba ghearr go bhfaca sé teach an Fhathaigh amach roimhe.

Shiúl sé suas go dtí an doras, agus chnag sé air.

Ba ghearr gur osclaíodh an doras; agus tháinig eagla ar Sheáinín nuair a tháinig bean an Fhathaigh amach. Bhí sí chomh mór le teach, ach bhí sí deas cineálta, agus labhair sí go cneasta le Seáinín. Bhí áthas uirthi é a fheiceáil, mar ní raibh aon pháistí aici féin, agus bhí sí uaigneach ó bheith ina haonar sa teach.

Thug sí Seáinín isteach, agus thug sí béile breá dó. Thug sí tae is arán is císte milis dó. Thug sí milseáin agus uachtar reoite dó. Bhí áthas ar Sheáinín, mar bhí ocras agus tart air.

Bhí siad ag caint lena chéile ansin, ach go tobann stad siad. Chuala siad an Fathach ag teacht. Bhí eagla ar Sheáinín, agus bhí eagla ar bhean an fhathaigh. Bhí a fhios aici go maródh an Fathach an buachaill dá bhfeiceadh sé é.

Ach shocraigh sí go gcuirfeadh sí i bhfolach é. Ní raibh aon rud san oigheann. Bheadh an buachaill sábháilte istigh ansin. Mar sin, chuir si Seáinín isteach san oigheann, agus dhún sí an doras. Ach níor dhún sí ar fad í; agus bhí radharc maith ag Seáinín ar a raibh ar siúl sa chistin.

Tháinig an Fathach isteach. Bhí sé chomh mór le sliabh. Bhí ocras air agus d'ith sé béile mór. Dith sé bó iomlán, agus d'ol sé seacht mhuicéid bainne, agus d'ith sé ualach mór prátaí.

Ansin shuigh sé síos agus thosaigh ag comhaireamh a chuid óir. Bhí óir i ngach áit; agus ba bhreá leis a bheith á gcomhaireamh.

Ach tháinig tuirse air tar éis tamaill, agus thit a choladh air. Bhí Seáinín ag féachaint air, agus thóg sé an deis nuair a bhí an fathach ina chodladh go sámh. Rith Seáinín amach. Sciob sé mála mór óir; agus as go brác leis.

Rith sé go mear go dtí an gas pónaire. Rug sé air, agus shleamhnaigh sé anuas go tapaidh.

Bhí áthas agus iontas ar a mháthair nuair a chonaic si é; agus bhí sceitimini uirthi nuair a chonaic si an mála óir.

Bhí siad saibhir anois. Cheannaigh siad bia agus éadach. Cheannaigh siad bó agus dhíol siad an cíós. Bhí saol breá acu.

Ach d'imigh an t-airgead, agus lá amháin bhí brón agus briseadh croí ar an máthair nuair a fuair sí amach go raibh an mála follamh.

Ach ní raibh brón ar Sheáinín. Bheadh sé ábalta mála eile a fháil.

Rith sé amach sa chlós. Rug sé ar an ngas pónaire, agus suas leis ar nós moncai. Rith sé go dtí teach an Fhathaigh, agus d'fhéach sé isteach an fhuinneog. Bhí an Fathach istigh. Bhí cás ina lámh aige. Bhí cearc bheag bhán sa chás; agus bhí sí tar éis ubh mhór óir a bhreith. Goidfidh mé an cearc, arsa Seáinín. Ansin beidh ubh óir agam gach lá.

D'éalaigh sé isteach. Rug sé ar an gcearc, agus as go brách leis.

Bhí an Fathach ar dearg buile Lig sé béic as agus righ sé indiaidh Seáinín. Bhí sé ag teacht suas leis, agus cheap Seáinín go raibh a phort seinnte. Ach chabhraigh an cearc bheag bhán leis. Léim suas ar mo mhuin arsan cearc. Léim Seáinín suas ar mhuin na circe, agus d'eitil sí anuas go talamh go mear.

Rith an cearc isteach sa teach. Ach rith Seáinín go dtí an clós, agus fuair sé an tua. Ansin leagh sé an gas pónaire, díreach nuair a bhí an fathach réidh le teacht anuas.

An Ainnir agus An Beithíoch

Bhí ceannaí saibhir ina chónaí i mbaile mór fadó. Bhí iníom álainn aige. Bhí sí chomh hálainn sin gur tugadh an Ainnir mar leas-ainm uirthi.

Oíche amháin, chuaigh teach an cheannaí trí thine, agus dódh é. Bhí an ceannaí bocht ansin, agus bhí air teach beag a cheannach. Cheannaigh sé teach beag ar imeall foraoise, agus chugiah sé féin agus a iníon chun cónaithe ann.

Bhí misneach ag An Ainnir, agus thug sí sólás agus misneach dó. Dheineadh sí obair an tí, agus dheineadh a hathair obair ar an bhfeirm bheag a bhí acu.

Is doíche, shuíodh siad cois na tine. Sheinneadh An Ainnir ar a gcruit, agus bhíodh a hathair ag éisteacht léi. Bhí saol sona acu

Lá amháin sa gheimhreadh chuaigh an t-athair go dtí an baile mór cun gnó éigin a dhéanamh, Bhí sneachta ar an talamh, agus nuair bhí sé ag teacht abhaile, chuaigh sé amú. Bhuail sé le mictírí, agus lean sé mar bhí ocras an domhain orthu.

Ar aghaidh leis an bhfear bocht ar a chapall ar nós na gaoithe, na mictírí ar a thóir. Ba ghearr gur tháinig sé go dtí caisleán mór i lár na foraoise. Rith an capall suas go dtí an geata; agus d'oscail an geata uaidh féin, agus chuaigh an capall agus an fear isteach. Dhún an geata uaidh féin nuair bhí siad istigh.

Bhí stábla mór sa chlós, agus bhí sé follamh. Chuir an ceannai an capall isteach ann. Bhí féar deas agus coirce ann, agus bhí an capali lán-sásta leis féin, mar bhí ocras agus tuirse air.

Chuaigh an t-athair isteach sa teach. Ní raibh aon duine le te feiceáil. Chuaigh sé isteach i seomra an bhia. Ní raibh aon duine ann, "Ba mhaith liom béile," arsan fear bocht. Agus ar an neomat bhí béile breá ar an mbord. D'ith sé a dhothain.

"Ba mhaith liom leapa, " ar seisean ansin, mar bhí tuirse air. Agus ar a neomat bhí leapa bhreá chompordach aige. Chuaigh sé a chodladh, agus chodail sé go sámh.

Ar maidin bhí an sneachta imithe. D'ith sé bricfeasta breá, ansin chuaigh sé amach ins an gairdín breá a bhí ar chúl an chaisleám. Bhí bláthanna áille i ngach áit. Chonaic sé rós álainn, agus phioc sé é chun é a thabhairt abhaile dá iníon.

Ar an neomat sin, sheas Beithíoch gránna os a chonhair amach.

"Caithfidh tú bás a fháil toisc gur phioc tú an rós sin, " arsa an Beithíodh.

"Ó, ná cuir chun báis mé," arsan t-athair. "Phioc mé an rós seo chun é a thabhairt abhaile dom iníon."

"Caithfidh tú bás a fáil, " arsan Beithíoch, muna dtiocfaidh ido iníon go dtí an caisleán."

D'imigh an t-athair abhaile, agus bhí brón mór air. Bhí áthas ar a iníon é a fheiceáil, ach bhí brón uirthi nuair a chuala sí an scéal agus dúirt sí léis féin go sábhafadh sí a hathair. –

Bhí an oíche ag titim nuair shroich sí an caisleán. Bhí eagla uirthi nuair a chonaic sí an Beithíoch a bhí ag feitheamh léi. Thug sé go dtí a seomra í. Nuair a bhí sí ina haonar dimigh an teagla. Nuair a tháinig an Beithíoch idteach sa seomra tháinig eagla uirthi arís.

"An bpósfaidh tú mé arsa an Beithíoch.

"Ó ní phósfaidh mé tú arsa an cailín. Tá tú ró ghránna".

Leig an Beithíoch osna as, agus dimigh as radharc.

D'hfan an Ainnir trí mhí sa chaisleán. Ní raibh aon eagla uirthi le linn an ama sin, agus gach tráthnóna thugadh an Beithíoch cuairt uirthi. Ach níor chuir sé aon eagla uirthi.

Ach bhí uaigneas uirthi, agus lá amháin, diarr sí ar an mBeithíoch leigint di dul abhaile chun a hathair a fheiceáil.

Thug an Beithíoch céad dí dul abhaile, agus thug sé fainne draíochta di chun í a thabairt abhaile.

"Tar ar ais tar éis seachtaine, nó gheohaidh mé bás" arsan an Beithíoch nuair a bhí sí ag imeacht.

An lá ina dhiaidh sin bhí an Ainnir sa bhaile. Bhí áthas an domhain ar a hathair í a fheiceáil. Agus chaith siad seachtain iontach le chéile. Ach nuair bhí an tseachtain thart, ní dheacaidh. An Ainnir ar ais go dtí an caisleán. Níor mhaith léi a hathair a fhágáil ina aonar; agus d'fhan sí seachtain eile.

Ansin, oíche amháin, nuair a bhí sí ina codladh, bhí sí ag brionglóid faoin Bheithíoch.

Cheap sí go raibh an Bheithíoch ag fáil bháis. Léim sí amach as an leapa. Chuir sí an fainne draíochta ar a méar agus bhí sí sa caisleán díreach.

Bhí an áit ciúin. Ní raibh an Bheithíoch le feiceáil in aon áit. Bhí eagla uirthi. Cheap sí go raibh an Beithíoch marbh.

Rith sí amach go dtí an gáirdín. Baineadh geit aisti nuair chonaic sí. An Beithíoch bocht ina luí ar an talamh, agus cuma an bháis air.

Bhí trua aici dó. Chrom sí síos agus thug sí póg dó. Ar an neomat, athraíodh é. D'Imigh crut an Bheithígh, agus ina áit bhí prionnsa óg álainn. Thit An Ainnir in ngrá leis. Agus ar ndóigh, bhí an prionnsa I ngrá leis. An Ainnir ón gcéad neomat a leag sé súil uirthi. Phós siad a chéile. Agus mhair siad go sona sásta ina dhiaidh sin.

Cuairt Ar An Siorcus

Frama (no pictiuir) a hAon

- Cad to againn anseo? Bíogí ag caint ar an bpictiúir. Chím beirt ag brostú go dtí an geata. Ní fheadar cé h-íad? B'fhéidir gur deirfiur agus dearthair iad. Cad is ainm dóibh? Tugaimís Nóra agus Peadar orthu. Déanfaidh mé cur-síos ar Nóra. Tá cóta deas uirthi. Tá sí ceann-nochtaite.
- Ní fheadar an bhfuil an siorcus tosnaithe fós.
- Seo , Maistir an fháinne. Ni fhada anois go mbeidh an siorcus ag tosnú. Déanfaidh mé cur-síos ar mháistir an fháinne. Tá sé gléasta go galánta.
- Tá sé ina scoth ceart. Chim an bláth san ar a chóta aige. Ta hata árd síoda ina lámh dheis agus fuip ina lámh clé. Ní fheadar an bhfuil na daoine ag bualadh bos. Tá an siorcus tosnaithe. Ta beirt i lár an fháinne - an fear láidir agus an fear grinn (ailteoir) Cad tá a dhéanamh ag an bhear laidir? Tá meachain troma arduithe thar a cheann aige. Tá aghaidh gruama ar an bhfear láidir. Tá an fear grinn in aice leis. Tá an fear grinn gléasta go hait. Tá an cóta ró-mhór do. Féach ar na láimhni. Féach ar an hata beag bideach. Déanfaidh mé cur-síos air. Ní fheadar cad is ainm do? Tugaimís Joey air. Níl aghaidh gruama air. Is dócha nach féidir leis (le Joey) na meachain troma d'ardu. Ní fheadar cad is ainm don fear láidir! Tugaimís Samson air.
- Is pictiuir deas é seo. Ta ban-mharcach anso. Ta sí ag marcaiocht ar mhúin an chapail bhain. Ta an cailin gléasta go hálainn. Ta gúna an-dheas uirthi. Ta go leor fringí sí ar an ngúna. ní fheadar an bhfuil eagla ar an gcailin. Ní docha go bhfuil. Ta taithe aici ar an gcapall so. Ta an capall ar sodar. Ni fheadar an bhfuil na daoine ag bualadh bos. (Ni fheicín an fáinne go leir. Ni fheicim ach cuid de).
- Cad tá againn anso? Elefant agus fear grinn (ailteoir). Ní fheadar cad tá á dhéanamh ag an bhfear grinn? Ní fheadar an bhfuil sé ag magadh faoi'n elefant. A leitheid d'edaigh atá ar an bhfear ghrinn. Ta an cóta ró-mhór dó agus féach ar na bróga sin.
- Déanfaidh mé cur-síos ar an elefant. Tá sé ina shuí ar bhosca.
- Ní fheadar an bhfuil an bosca láidir go leor chun é a choimeád suas.
- Ta croiceann garbh air.
- Ta trí beithir sa phictiuir seo. Chuala me scéal uair amháin faoi na Trí Beithir
- Ni hiad so na beithre a bhí sa scéal sin. Cad atá a dhéanamh ag an mBeithir i lár an phictiuir. Tá sé ina sheasamh. Ni fheadar an bhfuil an bosca laidir go leor chun e a choimead thuas (!) Ni fheadar cad is ainm dó? Tugaimís Bruno air.

- An mó beithir eile atá ann?
- Ní fheadar a bhfuil a lán cleas acu?
- Déanfaidh me cur-síos ar an mbeithir ar chlé Ta fionnadh gruaige air. Is dóigh liom gur ainmhí ceansa é. Níl se fiáin.
- Is brea liom an pictiúr seo. Sean cháirde dúinn go léir na moncaí. Níl scanradh (eagla) orm roimh moncaí. Is cleasaí ceart an moncaí. Tá ceithre moncaí sa phictiúr. Ní fheadar cad tá ar siúl acu. Déanfaidh mé cur síos ar mhoncaí amháin. Tugaimís ainm dó ar dtús.
- Cad tá anseo. Bean agus go leor athracha nimhe casta timpeall uirthi. Ní fheadar an bhfuil eagla uirthi rompu. Ní dóigh liom go bhfuil mar tá taithí aici orthu.
- Rón ag imirt le liathróid. Lafa = flipper.
- Seo é an pictiúr deireannach. Is lámh cleasaí an duine seo. Tá sé ag cleasaíocht le liathróid beaga.

Snaichtín Bán agus an Seachtar Abhac

Fadó, bhí banríon álainn ann. Lá amháin, bhí sí ina suí ag fuinneog a caisleáin. Bhí sí ag fúáil le snáthaid agus snáithin. Bhí sneachta ag titim, agus bhí an talamh clúdaithe le brat bán. Bhí frama na fuinneoige déanta d'éabann, duba cruaidh.

Sháith an bhanríon bior na snáthaide isteach ina méar, agus thit braon fola amach ar an éadach bán. D'fhéach an bhanríon ar an bhfuil; d'fhéaci sí ar an sneachta bán; d'fhéach sí ar an éabann dubh.

Ba mhaith liom, arsan bhanríon, go mbeadh iníon agam. Ba mhaith liom go mbeadh a cuid gruaige chomh dubh le éabann; go mbeadh a gruanna chomh dearg le fuil; go mbeadh a craiceann chomh bán le sneachta.

Le himeacht aimsire, rugadh iníon di Iníon álainn. Bhí a cuid gruaighe chomh dubh le héabann; bhí a gruanna chomh dearg le fuil; bhí a craiceann chomh bán le sneachta. Tugadh an tainm Sneachtín Bán uirthi.

D'fhás Sneachtín Bán suas ina cailín álainn. Bhí grá ag gach aon duine di. Ach mo léan! Fuair a máthair bás, agus phós a hathair arís. Anois bhí leas-mháthair aici. Bhí an leas-mháthair an-dathúil; ach bhí sí uaibhreach, crosta, agus bhí fuath aici do Shneachtín Bán.

Bhí scáthán draíochta ag an mbanríon, agus gach oíche labhradh sí leis an scáthán: "A Scatháin ag crochadh ansiúd ar an mballa, cé hé an ainnir is deise ar talamh." Agus deireadh an scáthán i gcónaí: "Is tusa a bhanríon is deise ar talamh." Ach oíche amháin, nuair chuir an bhanríon an cheist uirthi, dúirt an scáthán: "Tá tusa go hálainn gan aon agó, ach is deise Sneachtín Bán fós."

Bhí an bhanríon ar buile. Bhí sí in éad leis an gcailín óg; agus dúirt sí ina haigne féin go gcuirfeadh sí chun báis í.

Ghlaoigh sí ar sheirbhiseach léi, agus dúirt sí leis an cailín óg a thabhairt isteach ins an bhforaois agus í a mharú. Níor mhaith leis é sin a dhéanamh, ach ní raibh aon dul as aige. Mar sin, chuir sé Sneachtín Bán ar chapall taobh thiar de féin, agus thug sé isteach sa bhforaois í. Tháinig sé go dtí áit uaigneach, agus thuirling sé den chapall. Ach nuair d'fhéach sé ar Shneachtín Bán, bhí trua aige di. Dúirt sé nach maródh sé í. Dúirt sé go bhfágfadh sé sa bhforaois í. Mharaigh sé torc. Fuair sé ciarsur an chailín, agus chuir sé fuil an toirc air. Chuaigh sé abhaile go dtí an pálás, agus thaiseáin sé an ciarsúr don bhanríon, agus lig sé air go raibh sé tar éis an cailín a mharú.

Bhí eagla an domhain ar Shneachtín nuair bhí sí ina haonar. Rith sí anseo agus ansiúd, agus í ag gol. Bhí eagla uirthi go maródh na hainmithe allta i. Ach níor chuir na hainmithe isteach uirthi. Bhí trua acu di; agus threoirigh na héin í go dtí crann mór dara. Chuaigh sí suas ar an gcrann, agus dhein sí nead di féin ann. Chuaigh sí isteach ins an nead. Chan na héin amhrán di; agus thit a coladh uirthi.

D'éirigh sí go luath ar maidin. D'ith sí sméara deasa agus caora blasta. D'ól sí uisce as tobar glan, agus tháinig a misneach ar ais chuichi. Thosaigh sí ag siúl tríd an bhforaois, agus níorbh fhada

go bhfaca sí casán tríd na crainn. Lean sí an casán, agus tar éis tamaill tháinig sí go dtí teach beag gleoite. Chuaigh sí isteach.

Chonaic cistin bheag ghleoite. Bhí bord i lár an urláir. Timpeall an bhoird bhí seacht gcathaoirelacha beaga. Ar an mbord bhí seacht bplátaí, seacht ngloinní, seacht sceanna, seacht bhforcanna. Bhí bollóg aráin ar gach pláta, agus bhí gach gloinne lán de fhíon dhearg.

Bhí ocras ar Shneachta Bán, agus d'ith sí píosa beag as gach bollóg. Bhí tart uirthi; agus d'ól sí braon fíona as gach gloinne. Bhí tuirse dirti, agus shuigh sí tamall i ngach cathaoir. Angin chonaic sí staighre beag i gcúinne na cistine. Chuaigh sí suas an staighre, agus chonaic sí seomra beag codlata. Chuaigh sí isteach.

Bhí seacht leapacha istigh sa seomra codlata. Luigh Sneachta Bán tamall i ngach leapa; ach bhí an leaba ba lú níos deise ná aon leapa eile; agus nuair luigh Sneachta Bán síos ar an leapa bheag, thit a codladh uirthi.

Tháinig an Seachtar Abhach abhaile ar a sé a chlog. Ba leis an seachtar abhach an teach beag gleoite. Bhí iontas orthu nuair chonaic siad go raibh an doras ar oscailt. Bhí iontas an domhain orthu nuair chonaic siad go raibh duine éigin tar éis bheith ag ithe agus ag ol sa chistin.

Shuigh duine éigin im chathaoir, arsan t-abhac ba shine. D'ith duine éigin píosa den bhollóg, arsan dara abhach. D'ól duine éigin fíon as mo ghloinne arsa an tríú abhach. Leag duine éigin mo scian arsan ceathrú duine. Dól duine éigin mo chuid súip arsan cúigiú duine. Lúb duine éigin mo spiúnóg arsan séú duine.

Ní dúirt an t-abhach dob óige focal, mar chuala sé rud éigin. Chuala sé fothram a dhein duine éigin in áirde staighre. Rith sé suas an staighre, agus d'fhéach sé isteach ins an

seomra codlata, Lean na habhaic eile é. Is beag nár thit siad as a seasamh nuair a chonaic siad Sneachta Bán, í ina luí ar an leabha bheag, agus í ina sámh-codladh

Bhí sí chomh hálainn sin, agus chomh hóg sin, go raibh trua acu di, agus níor mhúscail siad í. D'fhan siad ina seasamh timpeall na leapan agus iad ag féachaint uirthi.

Ach tar éis tamaill, dhúisigh Sneachta Bán. Bhí ionadh agus eagla uirthi nuair a chonaic siad an seachtar abhach; ach labhair siad go deas cinealta léi, agus ní raibh eagla a thuilleadh uirthi.

D'inis sí a scéal dóibh. Bhí trua acu dí, mar bhí fhios acu go raibh an bhanríon uaibhreach crosta. Bhí fhios acu go raibh sí in éad le sneachta Bán. Bhí fhios acu gar theastaigh uithi Sneachta Bán a chur chun báis. Agus dúirt siad go gcabhróidh siad le Sneachta Bán. Dúirt siad Léi go raibh cead aici fanúint leo sa teach beag gleoite i lár na foraoise.

Bhí áthas ar Shneachta Bán. Bhí sí saor ó smacht na banríona. Bhí a dóthain le nithe aici, bhí leapa bhreá chompórdach aici san oíche agus ní raibh an iomarca oibre le déanamh aici. Bhí na habhaich anchinealta léi. Thaispeáin siad di conas obair an tí a dhéanamh. Mhúin siad amhráin di, D'inis siad scéalta di. Thugadh siad bronntanais ghleoite di. O, bhí sí sona sásta sa teach beag gleoite i lár na foraoise.

Ach ní raibh an bhanríon ghrána sona sásta. Bhí sí ar buile.

Oíche amháin, roimh dul a choladh di, labhair sí leis an scáthan draíochta: A Scatháin ar crochadh ansiúd ar an mballa, cé hí an duine is deise ar talamh? ar sise. Agus dúirt an scathán: Tá tusa go hálainn gan aon agó, ach is deise Sneachta Bán fós.

Bhailigh an bhanríon úlla dearga, úlla móra dearga. Chuir sí i gcisean deas ioldathach iad. D'fhéach siad go hálainn. D'fhéach an ciseán go hálainn.

Ainsin ghléas sí í féin mar mhangaire. Chuir sí gruaig bréige uirthi. Chuir sí hata mór biorach ar a ceann. Chuir sí cóta fada ioldathach uirthi. Nuair bhí sí gléasta suas ní aithneodh aon duine í.

Ansin ghearr sí úll mór gleoite. Fuair sí nimh láidir, agus chuir sí an nimh isteach ins an leath ba dheirge den úll. Ansin, chuir sí an dá leath le chéile arís, agus chuir sí i gcúinne an chiseáin iad. Ansin chuaigh sí go dtí teach na nabhac.

Chonaic Sneachta Bán ag teacht í, agus rith sí isteach sa teach, agus chuir sí an doras faoi ghlas, mar dúirt na habhaich léi gan ligint d'aon duine dul isteach sa teach. Bhí fhios acu go ndéanfadh an bhanríon iarracht chun í a mharú.

Chnag an bhanríon ar na dóirse go léir, ach níor oscail Sneachta Bán aon doras díobh. Tharraing sí cúirtín, agus d'fhéach sí amach. Chonaic sí an bhanríon, agus cheap sí gur mhangaire í. Ní raibh eagla uirthi ansin; ach ní osclódh sí an doras.

Chonaic an bhanríon í. "Ceannaigh úll," ar sise. "Ceannaigh úll breá milis. Ceannaigh úlla dona h-abhaic, Tá dúil mhór acu in úlla.

Ba mhaith le Sneachta Bán úll. Bhí fhios aici go mba mhaith leis na habhaic úlla. Ach ní raibh aon airgead aici.

"Ná bac le h-airgead" arsan bhanríon. Blas an túll breá seo," agus thug sí an t-úll go raibh an nimh ann do Shneachta Bán.

Chuir Sneachta Bán blúirín beag ina bhéal, agus ar an neomat thit sí ina chnap ar an dtalamh. Thosaigh an bhanríon ag gáire, agus abhaile lei tríd an bhforaois. Bhí sí cinnte go raibh Sneachta Bán marbh.

Nuair tháinig na h-abhaic abhaile

Bhí brón an domhain orthu. Bhí siad cinnte go raibh Sneachta Bán marbh. Ach níor mhaith leo í a chur in uaigh sa talamh: bhí sí ró álainn. Dhein siad cónra gleoite gloinne, agus chuir siad an cailín óg álainn isteach ann. Ansin chuir siad an cónra faoi chrann in aice an chasáin a bhí ag dul tríd an bhforaois, i dtreo go bhféadfaidís í a fheiceáil gach maidin agus gach tráthnóna.....

Ar iarraidh.

Thumbelina

Bhí bean álainn ann fadó. Bhí sí saibhir. Bhí teach breá aici; bhí gáirdín álainn aici ar chúl an tí; agus sa gháirdín seo bhí gach saghas bláthanna ag fás.

Ach ní raibh an bhean álainn seo sásta. Bhí sí uaigneach, mar ní raibh aon pháistí aici; agus ba mhaith léi páistí a bheith aici.

Lá amháin bhí sí sa gháirdín, ag féachaint ar na bláthanna. "Ba mhaith liom páistí a bheith agam, " ar sise. Bheinn sásta dá mbeadh leanbh beag agam."

Bhí tiúilip mhór i lár an gháirdín, agus phóg an bhean í. D'oscail an tiúilip láithreach, agus phreab cailín beag bídeach amach as an mbláth. Ba í an cailín ba lú agus ba dheise dá bhfaca súil duine riamh. Bhí sí go hálainn.

Bhí áthas an dorthain ar an mbean álainn. Thóg sí an cailín ina bhaclainn, agus d'fháisc lena croí í. Thóg sí isteach í, agus dhein sí éadaí gleoite dhí. Dheine sí leaba ghleoite dhí as cnó mór. Bhí an cailín sona sásta. Bhí an bhean álainn sona sásta.

Bhí frog mór ina chónaí sa gháirdín. Chonaic sé an cailín beag - Thumbelína an tainm a bhí uirthi, bhí sí chomh beag sin - agus thit sé i ngrá léi. D'iarr sé uirthi é a phósadh. Ach ní phósfadh, Thumbelina é. Bhí sé ró ghránna.

Bhí an frog ar dearg buile. Rug sé ar Thumbelína, agus dhein sé príosúnach dí. Chuir sé ina suí ar dhuilleog mhór lile í. Bhí an duilleog ag fás i lár na habhann a bhí ag rith tríd an gáirdín.

Bhí eagla agus uaigneas ar Thumbelina, agus thosaigh sí ag gol. Chuala na héisc i, agus dúirt siad go gcabhródh siad léi. Ghearr siad gas na lile, agus d'imigh an duilleog agus Thumbelína ina sui uirthi síos le sruth.

Bhí an frog ar dearg buile, agus lean sé Thumbelína. Bhí eagla uirthi go dtiocfadh sé suas léi. Ach chonaic féileachán í, agus d'eitil sé anuas chuichi. Cheangail Thumbelína a scairf den fhéalachán, agus tharraing sé síos an abhainn í, i bhfad on ngáirdín agus i bhfad on bhfrog mr gránna.

Tharraing an féileachán an cailín beag go dtí bruach na habhann, agus d'oscail Thumbelina an scairf. Ghabh sí buíochas leis an bhféalacán agus phóg sí é. D'imigh an féileachán isteach sa bhforaois.

Ansin chonaic ciaróg Thumbelina, agus thit sé i ngrá léi. D'iarr sé uirthi é phósadh. Ach bhí sé gránna, agus ní phósfadh an cailín é.

Dimigh Thumbelína isteach sa bhforaois, agus bhí saol sona sásta aici inti. Bhíodh sí ag súgradh leis na hainmithe. Bhíodh sí ag caint agus ag canadh leis na héin. D'itheadh sí mil a fuair sí ins na bláthanna, agus d'óladh sí drücht ón bhféar. Bhí leabha bheag gleoite aici i gcnó mór a bhí ina luí faoi dhuilleog copoóige. Bhí saol breá aici.

Ach lá amháin i dtosach an fhómhair bhuaill sí le iora rua a bhí ag bailiú bia i gcomhair an gheimhridh. Dúirt sé léi go raibh an aimsir fhuar ag teacht, agus mhol sé dí lóistín a fháil in áit éigin.

Ansin tháinig an geimhreadh. Tháinig an sneachta agus an sioc, agus bhí Thunbelína préachta leis an bhfuacht. Bhí ocras uirthi lets mar ní raibh aon bia le fáil. Bhí na bláthanna go léir marbh

Lá amháin bhí sí ag siúl trí ghort, agus chonaic sí luc páirce.. Bhí sí ag bailiú gráinní eomhar le cur i dtaisce i gcomhair an gheimhridh, D'iarr Thumbelína uirthi gráinne a thabhairt dí, agus thug an luc gránine mór dí. Ansin diarr Thumbalína uirthi lóistín a thabhairt dí i gcomhair an gheimhridh. Dúirt an luc léi go dtabharfadh sí lóistín dí dá mbeadh si sásta obair an tí a dhéanamh.

Bhí Thumbalína sásta, ar ndóigh. Cad ina thaobh ná béadh, agus chuaigh sí chun cónaithe leis an luc i bpoll faoin talamh. Bhí teach beag deas aici, agus bhí dóthain bia le hithe. Bhí sí sásta léi féin.

Oíche amháin bhí cuairteoir acu sa teach. Tháinig an caochán chun cupán tae a ól leo. Dhein Thumbalína tae álainn dó. Dhein sí císti milis, agus ceapairí agus rudaí deasa eile. Bhí an caochán thar a bheith sásta. Agus bhí an luc thar a bheith sásta.

Tar éis an tae, d'iarr an luc ar Thumbelína amhrán a chanadh: bhí siad ina suí go breá compordach timpeall na tine. Chan Thumbalína amhrám álainn, agus is í a bhí go maith chuige, mar d'fhomhlaim sí óna héin é. Ní raibh an caochán ábalta Thumbelína a fheiceáil go maith, mar bhí sé caoch: ach bhí sé ábalta í a chlos; agus thit sé i ngrá lena guth binn ceolmhar. D'iarr sé uirthi é a phósadh.

Ní raibh sí sásta é a phósadh. Níor mhaith léi a bheith ina chónaí faoin talamh i gcónaí. Ach tháinig an caochán arís, agus thug sé leis bronntanais deasa, mar bhí sé saibhir. Dhein an luch éadach álainn phósta di, agus tháinig lá an phósta. Ach ní raibh an cailín beag sásta D'éalaigh sí amach as an bpoll, a cuid éadaigh pósta uirthi, agus rith si isteach ins an bhforaois.

Bhí brón is briseadh croí uirthi; ach d'imigh an brón agus an briseadh croí nuair chonaic si fáinleog ina lui ar an talamh, agus cuma an bháis uirthi. Cara do Thumbelína ba ea í, agus bhí trua aici dí. Chaith sí a lámha timpeall uirthi, agus d'fháisc sí lena croi i, agus phóg sí í.

Tháinig an fháinleog chuici féin go tapaidh. Bhí sí buíoch don chara agus d'iarr sí uirthi dul léi go dtí An Aifric, mar a raibh sé ina shamhradh i gcónaí.

Cheangail Thumbelína í féin den fháinleog lena scairf, agus d'éirigh an fháinleog san aer díreach in am, mar bhí an luc agus an caochán ag teacht ag lorg an chailín.

Dimigh siad ó dheas go mear. Bhí eagla ar Thumbelína ar dtús. Ach ba ghearr go raibh áthas an domhain uirthi.. Chonaic siad radharcanna iontacha, agus ba ghearr gur shroich siad An Aifric. Thuirling siad i shean-phálás; agus ansin chuaigh an fháinleog ar lorg a cairde, síoga na mbláthanna. Fuair sí iad, agus tháinig si ar ais chun Thumbelína a bhreith leis

Bhí Thumbelína sona sásta.. Bhí an aimsir go hálainn. Bhí bláthanna agus éin i ngach áit. Agus ansin d'oscail gach bláth, agus tháinig síog astu. An lá ina dhiaidh sin, tháinig prionnsa na síog, agus d'iarr sé ar Thumbelína é a phósadh.

Thit Thumbelína i ngrádh leis láithreach. Agus ansin thug na síoga sciatháin di, agus bhí sí ábalta eitilt ó bhláth go bláth comh maith leis na síogá. Thuig sí anois cad ina thaobh nár mhaith léi a bheith faoin talamh leis an luc. Thuigh cad ina thaobh go raibh sí i ngrá leis na héin agus leis na hainmithe agus leis na bláthanna.

Phós sí prionnsa na síog; agus mhair siad go sona sásta on lá sin i leith.